Bord Oideachais & Oiliúna
LUIMNIGH & AN CHLÁIR
LIMERICK & CLARE
Education & Training Board

# Scéim na dTeangacha Oifigiúla 2021 - 2024

**Deireadh Fómhair 2021**

**Clár na nÁbhar**

**Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra ... 3**

1.1 Réamhrá ... 3

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime ... 3

1.3 Dáta tosaithe na Scéime ... 3

**Caibidil 2: Forbhreathnú ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ... 4**

2 Fís agus Cuspóirí ... 5

2.1 Ráiteas Físe ... 5

2.2 Príomhfheidhmeanna ... 5

2.3 Príomhsheirbhísí ... 5

2.4 Custaiméirí agus Cliaint ... 6

**Caibidil 3: Sonraí faoi sheirbhísí atá á soláthar faoi láthair i mBéarla amháin nó go dátheangach ... 7**

**Caibidil 4: An soláthar Seirbhísí Gaeilge a fheabhsú ... 8**

**Caibidil 5: Soláthar Seirbhísí Gaeilge i gCeantair Ghaeltachta a fheabhsú ... 12**

**Caibidil 6: Cumas Teanga a Fheabhsú ... 13**

6.1 Earcaíocht ... 13

6.2 Oiliúint agus Forbairt ... 13

6.3 Poist Ghaeilge Ainmnithe ... 15

**Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú ... 16**

Achoimre ar an bPróiseas Comhairliúcháin Phoiblí ... 16

**Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe ... 17**

## **Caibidil 1** Réamhrá agus Cúlra

### 1.1 Réamhrá

Déantar foráil le *hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003* le haghaidh ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí, ina leagtar amach na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla, agus

na bearta a dhéanfar lena chinntiú go soláthrófar trí mheán na Gaeilge aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge faoi láthair laistigh de thréimhse chomhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, beidh feidhm ag an scéim teanga go ceann thréimhse 3 bliana nó go dtí go ndearbhóidh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta scéim nua, cibé acu is déanaí.

### 1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Agus an Scéim seo á hullmhú, tugadh aird chuí ar na Treoirlínte a d'eisigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ina theannta sin, rinneadh próiseas cuimsitheach comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ábhartha.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, BOOLC, treoraithe ag an bprionsabal gur chóir go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar an méid seo a leanas:

- an bunleibhéal éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i leith seirbhísí den chineál sin a sholáthar, agus
- na hacmhainní, idir acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais, agus cumas an chomhlachta lena mbaineann an inniúlacht teanga riachtanach a fhorbairt nó rochtain a fháil air.

Tá sé mar aidhm leis an scéim seo prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí a chomhlíonadh. Ceapadh í d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaí go hiomlán na ceanglais bhainteacha uile atá ar BOOLC faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* ar bhonn incriminteach, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna eile amach anseo.

### 1.3 Dáta tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo deimhnithe ag an Aire Oidhreachta, Cultúir, agus Gaeltachta. Beidh feidhm aici le héifeacht ón 7 Deireadh Fómhair 2021 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh thréimhse 3 bliana, nó go dtí go ndeimhneofar scéim nua, cibé acu is déanaí.

# **Caibidil 2** Forbhreathnú ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Is comhlacht reachtúil é Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (BOOLC), a bunaíodh leis an *Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013*. Mar a fhoráiltear san Acht, comhchuimsíodh trí Choiste Gairmoideachais, Coiste Gairmoideachais an Chláir, Coiste Gairmoideachais Chontae Luimnigh agus Coiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh i mBord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus tháinig ann don aonán corparáideach nua ar an lá bunaithe, an 1 Iúil 2013. D'fhonn an t-oideachas agus an oiliúint a chomhdhlúthú tuilleadh sa réigiún, rinne an *tAcht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013*, foráil le haghaidh chomhchuimsiú na nIonad Oiliúna SOLAS i Luimneach agus i Sionainn agus a n-oibríochtaí oiliúna sa réigiún in BOOLC ar an 1 Iúil 2014.

Mar a shonraítear sa reachtaíocht, is é príomhfheidhm Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ina limistéar oibríochta, is é sin, an Clár, Cathair agus Contae Luimnigh:

- scoileanna, ionaid oideachais, agus áiseanna oideachais agus oiliúna aitheanta a bhunú agus a chothabháil,
- ionaid oideachais a bhunú agus a chothabháil,
- áiseanna oideachais nó oiliúna a bhunú, a chothabháil nó acmhainní a sholáthar dóibh
- oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint chun críocha na fostaíochta, agus seirbhísí coimhdeacha i dtaca leis an oideachas agus oiliúint, a phleanáil, a sholáthar, a chomhordú, agus a soláthar a athbhreithniú,
    - i scoileanna nó in ionaid oideachais aitheanta a bhíonn á gcothabháil acu,
    - a bhíonn á gcothabáil acu nó a mbíonn acmhainní á soláthar acu dóibh,
    - i scoileanna coinneála leanaí,
    - i bpríosúin, agus
    - in áiseanna arna gcothabháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí eile.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir maoinithe ag an Roinn Oideachais maidir le soláthar oideachais iarbhunscoile agus oideachais ghaolmhar, agus ag SOLAS maidir le soláthar Breisoideachais agus Oiliúna.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir freagrach as 2 phobalscoil náisiúnta agus 18 d'iar-bhunscoileanna i Luimneach agus sa Chlár a bhainistiú agus a oibriú. Is comhphátrún an Bord chomh maith ar 4 phobalscoil. Chomh maith le bainistíocht bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, tá an rannán freagrach freisin as Seirbhísí Oibre don Aos Óg agus as an gComhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach (LCYP).

Tá Rannán Breisoideachais agus Oiliúna (FET) Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir freagrach as 37 Ionad FET, agus iad cláraithe le haghaidh QQI, i Luimneach agus sa Chlár a bhainistiú agus a oibriú, agus cuireann sé sraith de sheirbhísí soláthair agus tacaíochta lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fáil do 22,939 tairbhí in 2020 i mbeagnach 300 ionad. Tá dhá ionad oiliúna tiomnaithe aige i Luimneach agus i Sionainn freisin a thairgeann na printíseachtaí caighdeánacha trádála chomh maith le raon leathan deiseanna oideachais agus oiliúna.

Is é BOOLC an príomhpháirtí in Music Generation Chathair Luimnigh agus Music Generation an Chláir. Soláthraíonn cohórt d'fhoireann thiomnaithe de thart ar 2,500 a sheirbhísí siúd, a bhfuil 85% díobh ag gabháil do mhúinteoireacht, do theagasc nó do threorú.

# 2 Fís agus Cuspóirí

## 2.1 Ráiteas Físe

Tá príomhról ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i soláthar oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin i Luimneach agus an Clár. Baineann an t-údarás é sin amach trí athrú ó bhonn a dhéanamh ar shaol ár scoláirí, ár bhfoghlaimeoirí agus ár bpobal, agus ar rathúnas sóisialta agus eacnamaíoch an réigiúin trí fhreastal ar riachtanais na mac léinn, na bhfoghlaimeoirí, an phobail agus na fiontraíochta.

## 2.2 Príomhfheidhmeanna

Le reacht agus de réir threoracha an Aire Oideachais agus an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta mar a eisítear ó am go ham iad, éilítear ar BOOLC na feidhmeanna seo a leanas a chomhlíonadh:

- scoileanna, ionaid oideachais, agus oideachas agus oiliúint aitheanta a bhunú agus
- a chothabháil,
- ionaid oideachais a bhunú agus a chothabháil,
- áiseanna oideachais nó oiliúna a bhunú, a chothabháil nó acmhainní a sholáthar dóibh,
- an soláthar oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint chun críocha na fostaíochta, agus seirbhísí coimhdeacha i dtaca leis an oideachas agus oiliúint, a phleanáil, a sholáthar, a chomhordú agus a athbhreithniú,
    - i scoileanna nó in ionaid oideachais aitheanta a bhíonn á gcothabháil acu,
    - a bhíonn á gcothabáil acu nó a mbíonn acmhainní á soláthar acu dóibh,
    - i scoileanna coinneála leanaí,
    - i bpríosúin, agus
    - in áiseanna arna gcothabháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí eile.

## 2.3 Príomhsheirbhísí

Soláthraíonn BOOLC, trína líonra scoileanna, coláistí, ionaid oiliúna, ionaid phobail agus socruithe comhoibrithe le comhpháirtithe eile, na seirbhísí seo a leanas:

- Iar-Bhunoideachas
- Oideachas-Athdheise
- Breisoideachas agus Oiliúint
- Oiliúint Phrintíseachta
- Oideachas Pobail
- Seirbhísí Eolais um Threoir d’Aosaigh
- Oideachas Litearthachta d’Aosaigh
- Seirbhísí Tacaíochta Foghlama d’Aosaigh
- Riarachán Deontas do Chlubanna Óige

## 2.4 Custaiméirí agus Cliaint

Laistigh dá scoilcheantar, cuimsíonn custaiméirí agus cliaint reatha agus ionchasacha BOOLC na daoine seo a leanas, a bhíonn ag freastal ar ár scoileanna agus ar ár n-ionaid oideachais agus oiliúna:

- Mic Léinn Iarbhunscoile
- Mic Léinn Ógtheagmhála agus Scéime Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)
- Mic Léinn Iar-Ardteistiméireachta
- Foghlaimeoirí ag gabháil do chláir oideachais agus oiliúna thionsclaíocha agus ghairmiúla
- Printísigh
- Foghlaimeoirí ag gabháil do chláir litearthachta
- Foghlaimeoirí i gcláir phobalbhunaithe
- Treoir d'Aosaigh
- Foireann BOOLC

## **Caibidil 3** Sonraí faoi sheirbhísí atá á soláthar faoi láthair i mBéarla amháin nó go dátheangach

Sonraí faoi sheirbhísí atá á soláthar faoi láthair i mBéarla amháin nó go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla; **lena n-áirítear seirbhísí i gceantair Ghaeltachta.**

| **Soláthar Reatha Seirbhísí** | | |
|---|---|---|
| **Seirbhísí (Ginearálta)** | **I mBéarla amháin** | **Go dátheangach, i mBéarla agus i nGaeilge** |
| Riarachán Scoile | 2 Phobalscoil Náisiúnta | 1 Gaelcholáiste |
| | 18 nIar-bhunscoil | 2 Aonad |
| Riarachán Clár Eile | Ógtheagmháil | |
| | SDOG | |
| | ALSS agus Treoir | |
| | Ionaid Oiliúna | |
| | Oideachas Aosaigh agus Pobail | |
| | 1 Choláiste Breisoideachais | |
| | 1 Scoil Cheoil | |
| | 2 Music Generation | |
| | 2 Ionad Oideachais Allamuigh | |
| Riarachán Ceannoifige | Teach Marshal, Luimneach | |
| | Oifig na hInse | |
| Lámhleabhair do Mhic Léinn | 18 nIar-bhunscoil | 1 Gaelcholáiste agus 2 Aonad |
| Fógraíocht/Bolscaireacht | Bróisiúir Chúrsa | 1 Gaelcholáiste agus 2 Aonad |
| | | |
| | | |
| | | |
| **Seirbhísí i gCeantair Ghaeltachta** | **I mBéarla amháin** | **Go dátheangach, i mBéarla agus i nGaeilge** |
| Más ábhartha, le tiomsú ag gach BOO aonair | | |
| Ní bhaineann le BOOLC | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

**Caibidil 4** An soláthar Seirbhísí Gaeilge a fheabhsú

**Is <u>ceanglais éigeantacha</u> iad na forálacha atá scáthaithe sa dath liath sa tábla thíos faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003*.**

| **Modh cumarsáide leis an bpobal** | | **Gealltanas** | **Amlíne** |
|---|---|---|---|
| **Fógraí Taifeadta ó Bhéal** | | Beidh na fógraí taifeadta ó bhéal seo a leanas i nGaeilge nó go dátheangach:<br><br>(a) Cuirfear fógraí taifeadta ó bhéal ar fáil ar an teileafón i gcás oifigí an chomhlachta phoiblí a bheith dúnta;<br><br>(b) Tarchuirfear fógraí taifeadta ó bhéal trí chóras fógartha poiblí;<br><br>(c) Cruthófar agus tarchuirfear fógraí taifeadta ó bhéal trí ríomhchóras teachtaireachtaí nó trí ríomhchóras freagartha teileafóin.<br><br>Baineann an fhoráil thuas le fógraí 'taifeadta' seachas le fógraí 'beo'.<br><br>Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, éilítear ar chomhlacht poiblí an leagan Gaeilge den logainm a shonraítear san Ordú sin a úsáid i bhfógraí taifeadta ó bhéal a dhéanann sé nó a dhéantar thar a cheann. | Éigeantach |
| **Cumarsáid Scríofa** | Litreacha agus Ríomhphost | Gach cumarsáid i scríbhinn a fhaightear, tabharfar freagra uirthi sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í. | Éigeantach |
| | Stáiseanóireacht | Soláthraítear i nGaeilge nó go dátheangach ceannteidil stáiseanóireachta, lena n-áirítear páipéar nótaí, duillíní dea-mhéine, bileoga clúdaigh facs, clúdaigh comhad, agus fillteáin, lipéid agus clúdaigh eile. | Éigeantach |
| **Comharthaíocht** | Comharthaíocht | Caithfidh an chomharthaíocht ar fad a chrochann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir nó a chrochtar thar a cheann a bheith i nGaeilge nó go dátheangach, de réir na rialachán (I.R. Uimh. 391/2008). | Éigeantach |
| **Foilseacháin** | Foilseacháin | Foilseofar go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla doiciméid ina leagtar amach tograí beartais phoiblí, cuntais nó ráitis | Éigeantach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | airgeadais iniúchta, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise. | |
| | Ciorcláin/Coir phoist | I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó trí ríomhphost leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme sin, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid. | Éigeantach |
| **An Ghaeltacht** | Logainmneacha Gaeltachta | Úsáidfidh an comhlacht poiblí logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta. | Éigeantach |

Is iad na forálacha atá liostaithe thíos ná gníomhartha atá curtha i bhfeidhm ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir chomh maith le gníomhartha nua atá beartaithe againn a chur i bhfeidhm le linn shaolré na Scéime seo.

| **Modhanna cumarsáide leis an bpobal** | | **Gealltanas** | **Amlíne** |
|---|---|---|---|
| **Cumarsáid ó Bhéal** | Fáiltiú | Beannófar do chustaiméirí ar dtús i nGaeilge agus ansin i mBéarla i scoileanna, ionaid FET agus oifigí riaracháin. | Bliain 1 |
| | Seirbhís Aghaidh ar Aghaidh/Seirbhís Cuntair | Cuirfear liosta cothrom le dáta ar fáil de na baill foirne ar féidir leo seirbhís thrí Ghaeilge a chur ar fáil. | Bliain 1 |
| | Lasc-chlár | Tabharfaidh foireann an lasc-chláir ainm an chomhlachta phoiblí i nGaeilge agus i mBéarla. | Leanúnach |
| | Cumarsáid ar an teileafón leis an bpobal | Cuirfear custaiméirí ar an eolas gur féidir seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge, má iarrtar sin. | Leanúnach |
| | Fógraí Taifeadta ó Bhéal | Beidh beannachtaí teileafóin réamhthaifeadta pearsanta na foirne riaracháin ar fáil go dátheangach. | Leanúnach |
| | Eile | Luafaimid ar fhógraí earcaíochta go mbeadh inniúlacht sa Ghaeilge inmhianaithe. | Leanúnach |
| | Bileoga Faisnéise/Bróisiúir | Beidh leagan dátheangach nó Gaeilge ar fáil de na bróisiúir FET a úsáidtear go minic. | Leanúnach |
| | Foirmeacha Iarratais | Beidh leagan dátheangach nó Gaeilge ar fáil de na foirmeacha iarratais is coitianta a úsáidtear. | Leanúnach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Eile | Beidh gach foirm iarratais nua ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. Ón dáta foilsithe. | Leanúnach |
| **Na Meáin** | Preaseisiúintí | Eiseofar gach preaseisiúint go dátheangach. Beidh sé de chuspóir freisin an t-ábhar seo a eisiúint go comhuaineach san dá theanga. | Leanúnach |
| | Urlabhraithe Meán | Beidh urlabhraí/urlabhraithe le Gaeilge ar fáil chun agallaimh a dhéanamh leis na meáin Ghaeilge ach socrú a bheith déanta roimh ré i dtosach, go dtí go bhforbraíonn ball nó baill foirne dóthain inniúlachta sa Ghaeilge le déileáil leis na meáin. | Leanúnach |
| | Óráidí | Cuirfear 10% d'ábhar na n-óráidí Béarla ar fáil i nGaeilge. Áireofar san ábhar sin beannachtaí tosaigh agus dúnta i nGaeilge, agus ar a laghad, tagairtí anseo agus ansiúd i nGaeilge d'ábhar aon cheann de na hóráidí agus/nó imeachtaí atá idir lámha. | Leanúnach |
| **Teicneolaíocht Faisnéise** | Ríomhphost | Teachtaireachtaí ríomhphoist caighdeánacha, mar shampla, clásail séanta, beidh siad dátheangach. | Leanúnach |
| | Suíomhanna gréasáin | Cuirfear an t-ábhar statach ar www.lcetb.ie ar fáil go dátheangach. Beidh nascleanúint ó leathanach sa leagan Béarla den suíomh gréasáin chuig an leathanach ábhartha sa leagan Gaeilge.<br><br>Beidh leathanach Gaeilge ar fáil ar an inlíon foirne ar a dtabharfar treoir bhunúsach maidir le soláthar seirbhísí Gaeilge agus infhaighteacht acmhainní Gaeilge. Coinneofar é sin cothrom le dáta agus i gcomhréir leis an scéim nua. Cuirfear chun cinn go bhfuil sé ar fáil mar acmhainn.<br><br>Beidh ráiteas dátheangach ar an leathanach Gaeilge sin den inlíon foirne ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ina ndeimhneofar diongbháilteacht an Bhoird chun na gealltanais ar thug siad fúthu i scéim teanga an Bhoird a chur i bhfeidhm. | Bliain 1 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | <u>Córais Ríomhaireachta</u> | Aon chóras riomhaireachta nua a shuiteáiltear, beidh sé breá ábalta an Ghaeilge a láimhseáil. | Ó dháta na suiteála |
| | <u>Seirbhísí Idirghníomhacha</u> | Cuirfear gach seirbhís nua ar líne agus idirghníomhach ar fáil ar bhonn dátheangach. | Ó dháta na suiteála |
| | Eile | Áireofar ar leathanach baile shuíomh gréasáin an Bhoird ráiteas fáiltithe dátheangach ó Phríomhfheidhmeannach an Bhoird, ina ndeimhneofar tiomantas an Bhoird do chur i bhfeidhm na ngealltanas a rinneadh ina scéim teanga chomhaontaithe.<br><br>Má dhéanann an Bord líne lipéid a chomhaontú amach anseo, beidh an líne lipéid sin dátheangach. | Leanúnach |
| **An Ghaeltacht** | <u>Cruinnithe</u> | Níl Infheidhme. | |

## **Caibidil 5** Soláthar Seirbhísí Gaeilge i gCeantair Ghaeltachta a fheabhsú

Soláthar seirbhísí Gaeilge i gceantair Gaeltachta a fheabhsú agus a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge mar theanga oibre sna hoifigí atá lonnaithe i gceantair Gaeltachta faoi dháta áirithe.

### Gealltanais maidir le Ceantair Ghaeltachta

| Tuairisc ar sheirbhísí i gceantair Ghaeltachta | Gealltanas | Amlíne |
|---|---|---|
| **Le comhlánú ag gach BOO aonair, más infheidhme.** | **Le comhlánú ag gach BOO aonair, más infheidhme.** | **Dáta cur chun feidhme le socrú ag BOOXXX.** |
| | **Ní bhaineann sé le BOOLC.** | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

An Ghaeilge mar theanga oibre in oifigí na Gaeltachta

| Gealltanas | Amlíne |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

**Caibidil 6** Cumas Teanga a Fheabhsú

## 6.1 Earcaíocht

An príomhbhealach a dhéanfar infhaighteacht seirbhísí trí Ghaeilge a bharrfheabhsú ná foireann a earcú i ngach réimse oibre de BOO Luimnigh agus an Chláir, a mbeidh an leibhéal inniúlachta cuí sa Ghaeilge acu. Beidh ár mbeartas earcaíochta, atá faoi réir nósanna imeachta náisiúnta comhaontaithe maidir le hearcaíocht, ag féachaint le freastal ar an ngá le feabhas céim ar chéim a chur ar chumas sa Ghaeilge.

Tabharfar pacáiste ionduchtaithe do gach ball foirne nua ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe d'fhonn a chinntiú go gcuirtear ar an eolas iad faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

## 6.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá an BOO tiomanta do dheiseanna a chur ar fáil don fhoireann le freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, ag brath ar a bhfuil ann d'acmhainní. Cuirfear ar a súile don fhoireann na háiseanna/deiseanna atá ann chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge.

| | | Gealltanas | Amlíne |
|---|---|---|---|
| **Cumas Gaeilge a Fheabhsú** | Earcaíocht | Tabharfar pacáiste ionduchtaithe do gach ball foirne nua ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe. | Leanúnach |
| | Oiliúint | Deiseanna le cur ar fáil don fhoireann chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fhorbairt. Déanfar socruithe iomchuí chun oiliúint Ghaeilge agus tástáil agus deimhniú inniúlachta a sholáthar don fhoireann chun tacú le baill foirne a n-inniúlacht sa Ghaeilge a chothabháil agus a fhorbairt, chun cur le cumas na foirne a n-oibleagáidí Gaeilge a shásamh agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, agus chun córas creidiúnaithe um thástáil inniúlachta a sholáthar don fhoireann.<br>Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi acmhainní teanga atá ar fáil amhail www.focloir.ie, www.breis.focloir.ie agus www.abair.ie, chomh maith le WinGléacht, an leagan leictreonach d'fhoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill. | Leanúnach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | [Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chur chun cinn na teanga / Soláthar acmhainní]() | Beidh an fhoireann ar an eolas faoi choincheap an chomhaontaithe réamhghníomhaigh - agus iad ag tairiscint seirbhísí go réamhghníomhach i nGaeilge don phobal. Éascófar rochtain ar fhaisnéis faoi acmhainní teanga. Tairgfear forbairt ghairmiúil leanúnach iomchuí d'fhoireann riaracháin BOOLC, agus é mar aidhm aici a leibhéal inniúlachta sa Ghaeilge a fheabhsú.<br>Cinnteoidh ár leabharlann inmheánach go mbeidh leabhair agus ábhair eile i nGaeilge ar fáil mar acmhainn don fhoireann chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.<br><br>Reáchtálfaimid Seachtain na Gaeilge gach bliain agus nascfaimid le grúpaí Gaeilge pobail agus náisiúnta chun cabhrú linn imeachtaí/bearta tacaíochta téamacha a sholáthar don fhoireann. | Leanúnach |
| | **Eile** | Cuirfear póstaer maidir le cearta teanga (atá ar fáil ó Oifig an Choimisinéara Teanga) ar taispeáint go feiceálach i ngach oifig riaracháin, i ngach scoil agus i ngach ionad aitheanta oideachais de chuid BOOLC.<br><br>Tabharfar faoi shuirbhéanna ar an bhfoireann chun a leibhéil inniúlachta sa Ghaeilge a thomhas, agus tabharfaidh siad le fios iontu cé acu an bhfuil a gcuid Gaeilge Líofa, An-mhaith, Maith, Measartha nó Lag. | Leanúnach |

## 6.3 Poist Ghaeilge Ainmnithe

Na poist a liostaítear thíos, tá siad ainmnithe mar phoist a bhfuil riachtanas maidir le hinniúlacht sa Ghaeilge ag gabháil leo. Is é an rún atá ann ná go mbeadh caighdeáin chreidiúnaithe shonraithe sa Ghaeilge bainte amach ag na daoine a cheapfar sna poist sin, i gcomhréir le freagrachtaí an phoist. Agus na poist sin á n-ainmniú, tugadh aird ar leith ar phoist atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta agus ar phoist atá lonnaithe lasmuigh de cheantair Ghaeltachta ach gur pobail Ghaeltachta agus/nó pobail labhartha Gaeilge is mó iad na cliaint sna ceantair sin.

| Teideal an Phoist | Suíomh | An pobal Gaeltachta / pobal labhartha Gaeilge a bhfuiltear ag freastal air | Léiriú ar an gcaighdeán Gaeilge atá riachtanach (rogha idir bunleibhéal, meánleibhéal nó ardleibhéal) |
|---|---|---|---|
| **Le comhlánú ag gach BOO aonair.** | | | |
| Rúnaí Scoile | Coláiste Pobail na hInse | Aonad | Meánleibhéal |
| Príomhoide, Leas-Phríomhoide, Poist Mhúinteoireachta agus Rúnaí Scoile | Gaelcholáiste Luimnigh | Gaelcholáiste | Ardleibhéal |
| Rúnaí Scoile | Coláiste Dheasmhumhain, an Caisleán Nua, Co. Luimnigh | Aonad | Meánleibhéal |

## **Caibidil 7** Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh **an Príomhfheidhmeannach agus a Fhoireann Bainistíochta Shinsearaí, i gcomhar leis an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha,** cur i bhfeidhm na scéime a mhonatóiriú agus a athbhreithniú ar bhonn rialta. Is é Denis O'Brien, An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus TF an duine teagmhála don scéim.

Beidh córas foirmiúil ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus taifeadfar inár dTuarascáil Bhliantúil é.

## Achoimre ar an bPróiseas Comhairliúcháin Phoiblí

Cuireadh fógraí sna foilseacháin seo a leanas inar iarradh ar dhaoine den phobal aighneachtaí a chur isteach:

- Limerick Leader
- The Clare Champion

Ní bhfuarthas aon aighneachtaí.

## **Caibidil 8** Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar an scéim seo a phoibliú go hinmheánach agus go seachtrach araon. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus scaipfear é ar gach ball foirne agus ar na gníomhaireachtaí cuí. Féadfar bealaí eile a úsáid freisin chun an scéim a phoibliú.

De bhreis air sin, tapóimid gach deis inár n-idirghníomhaíochtaí laethúla le custaiméirí chun na seirbhísí a sholáthraímid trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú, ar na bealaí a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach ar bhonn réamhghníomhach faoin rogha atá acu a ngnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge, mar shampla, trí fhógraí a thaispeáint sna limistéir fáiltithe a léiríonn na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;

- na seirbhísí sin a liostú go feiceálach ar ár suíomh gréasáin;

- tabhairt le fios ar threoirlínte, bileoga agus foirmeacha iarratais roghnaithe go bhfuil na doiciméid sin ar fáil i nGaeilge freisin, mura gcuirtear i láthair iad go dátheangach;

- an bhéim chéanna a chur ar ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.